

Lóchrann chúig solas Sainct Phroinsias

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr I*, Dublin, 1967, poem 20]

S. Froinsias: Réalta eoil

File anaithnid cct

1 Lóchrann chúig solas Sainct Phroinsias,  
fréamh chothaighthe an chrábhaidh te;  
chóig créachta 'na dheoidh dá dhearbhadh  
réulta eoil go ndearnadh dhe.

2 Lóchrann corcra na gcóig solas  
ag seoladh cháich don tigh thuas -  
dul ina leith fa dheoidh dlighidh  
do bhreith eoil 's slighidh suas.

3 Usaide an lóchrann do leanmuin;  
ag leathadh oirne iseadh bhíos;  
ar lasadh ón láimh go chéile;  
lasar ghráidh is géire gríos.

4 Chóig gona bás do bhí ar Íosa -  
éarlasmh Aisísi isé fuair;  
do bhí díol gach éarlaimh d'anáir  
i n-éngloin síobh d'fhagháil Uaidh.

5 Soillsi gréine ó ghrádh na humhla  
san éarlasmh naomhtha, ar bhfáidh fis;  
dob fhiu a thriall i dtaoibh an ghrádha  
grian na naomh do rádha ris.

6 Gé fuair i gceann chneidhe an chíogha  
ceithre tinnchneidhe thrí gcló,  
nír mhothaigh gur chás na cneadha;  
rothoil ghrás fa-deara dhó.

7 Fuair sé dhá thapuir ón troightheach,  
dá tharruing leo don tigh thall;  
mar sein do na glacoibh gonta;  
tapuir ón gcneidh ochta ann.

8 Réulta eolais na n-ord gcrábhaidh  
na cóig thapracha an tráth fuair,  
dá bhríogh do rolas an rélla;  
solas ag Síol Ébha uaidh.

9 Na grásdadha fhuair ar umhla  
ní fhuair abstol, ní fhuair fáidh;

ní fhuair neach dár fhás don uile  
leath a ghrás acht Muire a-mháin.

10 A dhuine a-tá i n-easbhuidh eolais,  
urusa dhuit dul ar neamh:  
fuarais ón naomh róide réidhe;  
saobh 's nach móide téighe as-teagh.

11 A dhaoine leanas lorg Phroinsiais,  
freagraidh an t-eol don tigh thuas:  
leanaidh cneadha na gcóig gcridheadh!  
róid na sreabha ag sileadh suas.

12 Sreabh don chrú-soin an chíoch corcra  
gidh crú 'na trácht an tan do léig  
'na gclasaibh go guin na cíocha  
fuil 'na mbasoibh thríotha théid.

13 Do cuireadh leis lá na croiche  
créuchta Dé mar dhearbas siad;  
ag so an lá do nocht a naomhthacht;  
dhá chorp a-tá i n-aonchorp iad.

14 Colann Phroinsiais, frémh na humhla,  
úr gan truailleadh a-tá sí;  
riamh gan tadhall fa thalmhain;  
ní calann chriadh amhlaidh í.

15 Ní thug an bás claochlódh crotha  
ar chorp an naoimh is nua gcnis:  
corp an té ar nár thíor a námha -  
ní cóir cré do rádha ris.

16 Bernárdus dob ainm dá athair  
- más fhíor don eolas fhuair mé -  
gég do mhínfheadhuiwbh chraobh gcnuasuigh,  
caor d'fhíneamhuin uasail é.

17 I n-ionad aingil an díomuis  
druim re a Thighearna an tráth tug,  
*Jesus Christus*, ar gcrann toraidh,  
*Fran-ciscus* do roghoin rug.

18 Ord Saint Phroinsiais fuair tre umhla  
ait an aingil dob ard glóir;  
grása Dé do fhoillsigh ortha  
gur shoillsigh ré dhorcha dhóibh.

19 A dtug d'annsacht d'fhuath na bpeacach  
pairt na n-aingeal uair dá luach;

le rún glan crábhuidh is coinsias  
do ghrádhaigh San Phroinsias fuath.

20 Cúig bhliadhna dhég is deich mbliadhna  
go bás Phroinsias - fada an ré;  
Dia fíre do éag fan aim-sin -  
míle is dá chéad d'aimsir é.

21 Re croich Íosa iseadh do snadhmaadh  
San Proinsias dár ceangladh croch;  
nír bh'í a thail a iarraidh uaidhe;  
riaghail air nár chruidhe cloch.

22 Mac ag mnaoi nar mhill a hóighe -  
ní fhuair ríoghan rath budh mó;  
gan mhnaoi do líodh ar leanbh Muire  
fearg Ríogh na cruinne nír chló.